

FORÁLACHA MAIDIR LE RANNÍOCAÍOCHT AS CAITEACHAS TAISTIL AGUS MAIREACHTÁLA DO DHAOINE DÁR TUGADH CUIREADH CHUN TRIALACHA COMÓRTAIS NÓ TRIALACHA PRÓISIS ROGHNÚCHÁIN A DHÉANAMH NÓ CHUN DUL FAOI SCRÚDÚ LEIGHIS

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Déanfar ranníocaíocht as caiteachas taistil agus maireachtála gach duine dár tugadh cuireadh ("iarrthóir") chun: trialacha comórtais oscailte nó fógra earcaíochta san ionad measúnaithe "assessment centre"); agallamh ina dhiaidh sin dírithe ar earcú; nó scrúdú leighis réamhfhostaíochta ina dhiaidh sin arna eagrú ag EPSO i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach thíos ("trialacha, agallaimh agus scrúduithe").

Níl feidhm ag na forálacha seo maidir le hoifigigh agus gníomhairí ag a bhfuil stádas oifigigh nó atá sa chóras is infheidhme maidir le gníomhairí eile, dár tugadh cuireadh chun trialacha, agallaimh nó scrúduithe a eagraíodh mar chuid de chomórtas inmheánach nó d'agallamh dírithe ar athrú poist laistigh den institiúid chéanna nó a eagraíodh dá bharr má úsáideann siad córas aisíocaíochta caiteachais misean.

CAITEACHAS TAISTIL

Airteagal 2

1. Ní dhéanfar aon ranníocaíocht as an gcaiteachas taistil más lú ná 200 km nó cothrom leis sin an fad idir an áit chónaithe reatha agus ionad an chuiridh.
2. Is de réir na mionrialacha a leag sí síos roimh ré a dhéanfaidh gach institiúid ranníocaíocht as an gcaiteachas taistil.
3. Mura mbeidh na mionrialacha sonracha leagtha síos agus gan dochar d'fhorálacha Airteagal 5 agus Airteagal 9 thíos, déanfaidh an institiúid ranníocaíocht sheasta de réir an scála seo a leanas:

An fad idir áit chónaithe an iarrthóra/ionad an fhostóra reatha agus áit an chuiridh (km)	An tsuim sheasta is infheidhme (euro)
201–300 km	100
301–500 km	120
501–1000 km	180
1001–2000 km	240
2001–3000 km	300
> 3001 km	360

Airteagal 3

Is ar bhonn an tseolta atá luaite san iarratas a dhéanfaidh institiúidí an Aontais an fad idir an áit chónaithe reatha agus ionad an chuiridh a ríomh. Féadfaidh an institiúid a iarraidh ar an iarrthóir cruthúnas a thabhairt gurb é an seoladh atá luaite a fhíoráit chónaithe reatha.

Má bhíonn an t-iarrthóir ina chónaí go sealadach ag seoladh eile, féadfaidh an institiúid an cuireadh a chur chuig an seoladh sealadach sin agus úsáidfidh sí an seoladh sin chun méid na ranníocaíochta as an gcaiteachas taistil a ríomh.

Murab ionann áit chónaithe an iarrthóra agus seoladh an fhostóra, nó i gcás díospóid faoin seoladh atá le húsáid chun an ranníocaíocht a ríomh, is é fad is giorra de réir mar a ríomh an institiúid lena mbaineann é a úsáidfear.

Airteagal 4

Maidir le comórtais agus próisis roghnúcháin arna eagrú ag an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), ní dhéanfar aon ranníocaíocht as na nithe seo:

- páirt a ghlacadh i dtrialacha den chineál "ceisteanna ilrogha" ar ríomhaire (comórtais nó próisis roghnúcháin);
- páirt a ghlacadh i dtrialacha nach cuid iad de thrialacha an ionaid measúnaithe (amhail na réamhthrialacha);
- páirt a ghlacadh sna trialacha ar cuid iad de thrialacha an ionaid measúnaithe ach atá ar siúl i mBallstáit an iarrthóra (áit chónaithe reatha).

Má bhíonn ar institiúid mionrialacha sonracha a ghlacadh de bhun Airteagal 2(2), mionrialacha ar féidir go ndéanfaidh siad dífeall don ranníocaíocht as an gcaiteachas taistil i gcomhthéacs na gcomórtas agus na bpróiseas roghnúcháin a eagraíonn EPSO, ní fhéadfaidh EPSO iad a chur i bhfeidhm go dtí go bhfaighidh sé faomhadh óna bhord bainistíochta.

SCRÚDUITHE LEIGHIS RÉAMHFHOSTAÍOCHTA

Airteagal 5

1. Na hiarrthóirí ar éirigh leo i bpróiseas roghnúcháin agus arb é is aidhm don taisteal a rinne siad, ar cuireadh ón institiúid, dul faoi scrúdú leighis éigeantach mar chuid de phróiseas earcaíochta, i gcomhréir le forálacha Airteagal 28 agus Airteagal 33 de na Rialacháin Foirne (agus, ar an dóigh chéanna le hAirteagal 12(2)(d) agus Airteagal 13 agus Airteagal 82(3)(d) agus Airteagal 83 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh), gheobhaidh siad aisíocaíocht a bhfíorchaiteachais taistil.
2. Sa chás sin, ní mór an taisteal a dhéanamh ar an dóigh is lú costas (ticéad traenach dara grád; ticéad eitleáin gráid barainne). Mura gcomhlíonfar na coinníollacha sin nó má úsáidtear modhanna taistil eile (gluaisteán san áireamh), is í an ranníocaíocht sheasta dá dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 2 a chuirfear i bhfeidhm.

3. Os a choinne sin, mura ndéanfar maolú sainráite, má bhíonn áit chónaithe an iarrthóra/ionad an fhostóra suite lasmuigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, ó phríomhchathair an Bhallstáit den Aontas Eorpach is gaire don áit sin, agus uithi sin amháin, a ríomhfar an ranníocaíocht as an gcaiteachais taistil.

CAITEACHAS MAIREACHTÁLA

Airteagal 6

Déanfar ranníocaíocht sheasta 100 euro as an gcaiteachas maireachtála in aghaidh na hoíche má bhíonn áit chónaithe an iarrthóra/ionad an fhostóra reatha suite níos mó ná 200 km ó ionad an chuiridh agus má bhí ar an iarrthóir oíche amháin nó roinnt oíche a chaitheamh i bhfoisceacht ionad an chuiridh. Ar iarratas ón institiúid, ní mór don iarrthóir míniú i scríbhinn a thabhairt.

Ní féidir suim na ranníocaíochta seasta as an gcaiteachais maireachtála a bheith os cionn 300 euro. Déanfar an íocaíocht nuair a thabharfar isteach na doiciméid ina bhfuil an t-údar atá leis an lóistín, agus iad i bhfoirm sonraisc atá i gcomhréir leis an reachtaíocht fhioscach is infheidhme.

Maidir leis na comórtais agus na próisis roghnúcháin a eagraíonn EPSO, i gcás ina bhfuil na trialacha éagsúla san ionad measúnaithe ar siúl dhá lá i ndiaidh a chéile nó ina bhfuil trí lá ar a mhéad eatarthu, sa dóigh go bhfuil ar an iarrthóir oíche amháin nó níos mó a chaitheamh i bhfoisceacht ionad an chuiridh, agus sa chás sin amháin, an ranníocaíocht sheasta thuasluaite atá dlite, ní bheidh sí os cionn na tairsí atá socraithe thuas. Má thograíonn an t-iarrthóir taisteal dhá uair nó má bhíonn níos mó ná trí lá idir na trialacha, ní bheidh aon ranníocaíocht as an gcaiteachas lóistín dlite agus dúblófar an ranníocaíocht as an gcaiteachas taistil arna ríomhadh ar bhonn Airteagal 2 thuas.

AN SPRIOC-AM LE HIARRATAÍ A DHÉANAMH

Airteagal 7

Déanfaidh na hiarrthóirí a chomhlíonfaidh na coinníollacha thuasluaite agus ag a mbeidh, dá bharr sin, ceart ar ranníocaíocht as an gcaiteachas taisteal agus/nó maireachtála, an fhoirm ón lucht riaracháin a líonadh isteach ina bhfuil na doiciméid tacaíochta nach mór a chur isteach leis an iarraidh ar ranníocaíocht. Ní phróiseálfar iarrataí neamhiomlána.

Airteagal 8

Ní mór comhad iomlán na hiarrata ar ranníocaíocht as an gcaiteachas taistil agus/nó maireachtála agus na bundoiciméid tacaíochta uile a sheoladh tríd an bpost (is é dáta an phostmhairc dáta an tseolta), le ríomhphost (i gcás bundoiciméid nach bhfuil ann ach i leagan leictreonach) nó i bpearsain chuig an tseirbhís inniúil faoi cheann trí mhí i ndiaidh dháta na dtrialacha, na n-agallamh nó na scrúduithe. Ní ghlacfar aon chomhad i ndiaidh an sprioc-ama sin.

IARRTHÓIRÍ AG A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA

Airteagal 9

Nuair a gheobhaidh sí iarraidh shainráite a bhfuil údar maith léi ó gach iarrthóir lena mbaineann, féadfaidh an institiúid, sa bhreis ar na rialacha thuasluaite, aisíocaíocht a dhéanamh leis na hiarrthóirí ag a bhfuil riachtanais shonracha as an bhfíorchaiteachas breise a bhaineann go díreach lena gcás agus nach bhfuil foráil ann maidir leo in Airteagal 2, in Airteagal 5 ná in Airteagal 6 thuas. Sa chás sin, ní mór don iarrthóir, agus, más infheidhme, a lucht tionlacain, an taisteal a dhéanamh ar an dóigh is lú costas, gan neamhaird a thabhairt ar riachtanais shonracha an iarrthóra. Scrúdóidh an institiúid lena mbaineann gach iarraidh ar aisíocaíocht, de réir an cháis.

FORÁLACHA DEIRIDH

Airteagal 10

Is le haistriú in euro nó in airgeadra an chaiteachais a íocfar na suimeanna a bheidh dlite i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha amach thuas.

Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar na suimeanna dá dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 2 gach cúig bliana, gan dochar don fhéidearthacht athbhreithniú idirthréimhseach a dhéanamh más gá.

Airteagal 11

Beidh na hiarrthóirí dá dtabharfar cuireadh, cé is moite díobh siúd dá dtagraítear in Airteagal 4 thuas, cumhdaithe fad a mairfidh a dtaisteal agus a gcuairt, i gcoinne rioscaí timpiste.

Airteagal 12

Cuirtear ar ceal conclúid 252/08 Choláiste na gCeann Riaracháin an 15 Feabhra 2008 leis na forálacha seo, agus cuirtear na forálacha seo ina hionad.